Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16327/23**

**ENFOPOL 529**
**CRIMORG 203**
**COSI 241**
**JAI 1611**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Nollaig 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15327/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le bealach chun cinn chun an choireacht a chosc san Eoraip<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 4 Nollaig 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le bealach chun cinn chun an choireacht a chosc san Eoraip, a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3992ú cruinniú a bhí aici an 4 Nollaig 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le bealach chun cinn chun an choireacht a chosc san Eoraip**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,**

ÓS EOL DI gur bagairt shuntasach í an choireacht eagraithe do shaoránaigh na hEorpa, do ghnólachtaí, d'institiúidí stáit agus don gheilleagar trí chéile, agus go bhfuil gá le freagairt ón Aontas ina leith;

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go bhféadfaidh iompar frithshóisialta a bheith mar thús le hiompar coiriúil agus go bhféadfaidh nasc díreach a bheith ag an gcoireacht choiteann leis an gcoireacht eagraithe;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá sé cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh in aon fhreagairt ar an gcoireacht agus ar a lárnaí atá cosc na coireachta i ndáil leis an sin;

ÓS EOL DI gurb é sainmhíniú an Líonra Eorpaigh um Chosc na Coireachta (EUCPN) ar chosc na coireachta 'gníomhaíochtaí atá inghlactha go heiticiúil, atá bunaithe ar fhianaise agus darb aidhm baol na coireachta agus na hiarmhairtí díobhálacha a bhaineann léi a laghdú agus é mar sprioc dheiridh leis an méid sin oibriú chun feabhas a chur ar cháilíocht saoil agus ar shábháilteacht daoine aonair, grúpaí agus pobal' [aistriúchán neamhoifigiúil];

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go bhfuil an cosc ina dhlúthchuid de bheartas an Aontais cheana féin i roinnt réimsí sonracha beartais, an méid seo a leanas, cuir i gcás: an choireacht eagraithe, an chibearchoireacht, comhrac an radacaithe, an choireacht chomhshaoil, drugaí, gáinneáil ar dhaoine, mí-úsáid ghnéasach leanaí, foréigean baile agus airm thine;

ÓS EOL DI nach ionann na samhlacha coisctheacha a chuirtear i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta i measc na mBallstát agus go bhforáiltear in Airteagal 84 CFAE go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle bearta a leagan síos chun tacú le gníomhaíocht na mBallstát maidir leis an gcoireacht a chosc, agus chun an ghníomhaíocht sin a chur chun cinn, agus nach n-áirítear ar an méid sin dlíthe ná rialacháin na mBallstáit a chomhchuibhiú;

AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI don Teachtaireacht a eisíodh in 2004 dar teideal *Crime Prevention in the European Union* [An Choireacht a Chosc san Aontas Eorpach][1], ina leagtar béim ar an ról lárnach atá ag na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla (agus tacaíocht á fáil acu, go hidéalach, ó na húdaráis náisiúnta) maidir leis an gcoireacht a chosc, agus ar a thábhachtaí atá an comhar ar leibhéal an Aontais chun tacaíocht atá ábhartha don chomhrac sin a éascú agus a thabhairt, d'ainneoin bheartais náisiúnta na mBallstát;

AGUS AIRD Á TABHAIRT AICI ar na Conclúidí ón gComhairle a eisíodh in 2016 maidir leis an gcur chuige riaracháin chun an choireacht thromchúiseach agus an choireacht eagraithe a chomhrac agus a chosc[2], inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé an cur chuige riaracháin a fhorbairt agus a fheabhsú maidir leis an gcoireacht a chosc agus a chomhrac, go háirithe an choireacht thromchúiseach agus eagraithe; ina leagtar amach sraith gníomhaíochtaí atá le forbairt a thuilleadh ag na Ballstáit, ag gníomhaireachtaí an Aontais agus ag an gCoimisiún; agus ina leagtar béim ar an ngá atá le comhar idir an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (EUCPN) agus an Líonra Eorpach maidir leis an gCur Chuige Riaracháin (ENAA).

AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI do Chlár Stócólm 2009 (Comhairle Eorpach 2010), ina gcuirtear in iúl gurb iad na bearta coisctheacha is éifeachtúla na bearta sin atá dírithe ar chineálacha iompair a fhágann go mbraitheann daoine neamhshlán, ina gcuirtear in iúl go bhfuil taithí chomhchosúil ag saoránaigh an Aontais agus go mbíonn tionchar ag an gcoireacht agus ag an neamhshláine ghaolmhar ar a saol laethúil ar bhealaí comhchosúla (4.3.2), agus ina n-aithnítear na naisc atá ag dul i méid idir an choireacht áitiúil agus cineálacha níos tromchúisí coireachta trasnáisiúnta;[3]

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar bhunú na Faireachlainne um Chosc na Coireachta, a leagtar amach i gClár Stócólm, ar cheart EUCPN a áireamh inti nó a ionadú léi, agus a bhfuil sé de chúram uirthi (*inter alia*) tacú leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí an Aontais chun bearta coisctheacha a ghlacadh agus dea-chleachtais agus na conclúidí ón meastóireacht a rinne an Coimisiún in 2012 á gcur san áireamh[4];

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa dar teideal *Crime Prevention in the European Union* [An Choireacht a Chosc san Aontas Eorpach]. (COM (2004) 165 final).
2 9935/16, an 9 Meitheamh 2016
3 2010/C 115/01
4 COM (2012) 717 final.

AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI do Dhearbhú Kyoto ó UNODC (2021)[5] maidir le cosc na coireachta, an ceartas coiriúil agus an smacht reachta a chur chun cinn, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé straitéisí coiscthe coireachta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a mheas, lena n-áirítear ó thaobh a n-éifeachtachta de, ar straitéisí iad lena dtugtar aghaidh ar na cúiseanna, lena n-áirítear na bunchúiseanna, agus na tosca riosca a fhágann go mbíonn codanna éagsúla den tsochaí níos leochailí i leith na coireachta, agus lena roinntear dea-chleachtais chun ár n-acmhainneacht a neartú; ar a thábhachtaí atá sé údarás lárnach buan a bhunú ar leibhéal an rialtais a bheidh freagrach as beartais coiscthe coireachta a chur chun feidhme; agus ar a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí idirghníomhaireachta a bhunú agus gníomhaíochtaí a chomhordú ar an leibhéal áitiúil trí bhíthin plean gníomhaíochta;

AGUS AIRD Á TABHAIRT AICI ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála (2020-2025),[6] ina leagtar amach cur chuige i leith na slándála lena gcuimsítear an tsochaí ina hiomláine agus lenar féidir freagairt go héifeachtach ar bhealach comhordaithe ar thimpeallacht na bagartha atá ag athrú go tapa, chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí digiteacha agus fisiceacha ar bhealach comhtháite ar fud éiceachóras iomlán an Aontais Slándála;

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go bhfuil sé mar aidhm ag an gCoimisiún, leis an Straitéis um an gCoireacht Eagraithe[7], feabhas a chur ar an malartú eolais agus dea-chleachtas maidir leis an gcoireacht a chosc tríd an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta;

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI, de réir chuspóirí Straitéis Ilbhliantúil EUCPN 2021-2025[8], nach bhfuil ról an líonra teoranta do mhalartú faisnéise ach go n-áirítear leis freisin gníomhaíochtaí éifeachtacha a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais i réimse chosc na coireachta, agus tacú leis na gníomhaíochtaí sin;

---

**5** Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht, Bealtaine 2021, *Kyoto declaration on advancing crime prevention, criminal justice and the rule of law: towards the achievement of the 2030 agenda for sustainable development* [Dearbhú Kyoto maidir le cosc na coireachta, an ceartas coiriúil agus an smacht reachta a chur chun cinn: i dtreo chlár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach]

**6** COM (2020) 605 final.

**7** Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025, COM/2021/170 final.

**8** Straitéis Ilbhliantúil EUCPN 2021-2025, a glacadh an 2 Nollaig 2020.

AGUS AIRD Á TABHAIRT AICI ar na moltaí agus na conclúidí ó Thuarascáil Mheastóireachta 2023 ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (EUCPN)[9], ina meastar gur den ríthábhacht infheistíocht a dhéanamh i mbeartais agus in uirlisí maidir leis an gcoireacht a chosc agus go soláthraíonn EUCPN breisluach AE ós rud é go gcuireann sé rochtain ar eolas i dtaca le cosc na coireachta ar fáil do lucht ceaptha beartas agus do chleachtóirí ar fud an Aontais agus go n-éascaíonn sé malartú dea-chleachtas idir lucht ceaptha beartas agus cleachtóirí ó Bhallstáit éagsúla san Aontas;

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI gur léiríodh sa mheastóireacht go bhfuil roinnt tosca ann a chuireann cosc ar an Líonra a acmhainneacht iomlán a bhaint amach, go háirithe an easpa gníomhaíochtaí for-rochtana arna ndéanamh ag a chomhaltaí i leith lucht ceaptha beartas agus cleachtóirí, ar an leibhéal áitiúil den chuid is mó; an easpa treorach agus tacaíochta atá sách spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na bpáirtithe leasmhara; agus an easpa sineirgí idir gníomhaíochtaí an Líonra agus tionscnaimh choisctheacha eile ar leibhéal an Aontais.

AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go bhféadfaí breisluach a sholáthar leis na Comhspriocanna Straitéiseacha Cothrománacha maidir le cur chun feidhme phlean gníomhaíochta oibriúcháin 2022 an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT);[10] go háirithe, Comhsprioc Straitéiseach Chothrománach 7, ‘Cosc, múscailt feasachta agus laghdú díobhála, sainaithint luath na n-íospartach agus cúnamh dóibh’, arna comhordú ag EUCPN, agus Comhsprioc Straitéiseach Chothrománach 9, ‘Cur Chuige Riaracháin’, arna comhordú ag ENAA mar ‘bhealach comhlántach chun mí-úsáid an bhonneagair dhlíthiúil a chosc agus a chomhrac tríd an gcomhar ilghníomhaireachta trí fhaisnéis a chomhroinnt agus trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun bacainní a chur ar bun’[11] ionas nach n-úsáidfidh coirpigh an bonneagar dlíthiúil sin

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ngá atá leis an gcomhar idir údaráis inniúla an Aontais agus na húdaráis inniúla náisiúnta a fheabhsú agus a chur ar bhonn foirmiúil chun an choireacht eagraithe a chosc agus a chomhrac, anuas ar an gcomhar i bhforfheidhmiú an dlí agus ar an gcomhar breithiúnach atá ann cheana idir na Ballstáit;

FÓGRAÍONN SÍ GO bhFUIL SÍ TAGTHA AR AN gCONCLÚID NACH MÓR FEABHAS A CHUR AR FHEIDHMIÚ INMHEÁNACH AN LÍONRA EORPAIGH UM CHOSC NA COIREACHTA AGUS NACH MÓR COSC NA COIREACHTA A FHEABHSÚ A THUILLEADH AR AN LEIBHÉAL ÁITIÚIL, RÉIGIÚNACH AGUS EORPACH.

[9] SWD (2023) 202 final.
[10] 14378/22 An Bhruiséil, an 7 Samhain 2022.
[11] Sainmhíniú a chomhaontaigh ENAA an 8 Samhain 2019.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

1. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as an Líonra Eorpach maidir leis an gCur Chuige Riaracháin (ENAA) agus as an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (EUCPN), feabhas a chur ar an gcomhar leo agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu, lena neartaítear ról na nIonadaithe Náisiúnta agus na bpointí teagmhála chun rannchuidiú le cuspóir foriomlán EUCPN i gcomhréir le Cinneadh 2009/902/CGB ón gComhairle[12];

2. Féachaint an bhféadfaí straitéisí náisiúnta um chosc na coireachta nó doiciméid ghaolmhara a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta, d'fhonn obair maidir le cosc na coireachta a neartú agus a fhorbairt ar fud na sochaí, ní hamháin sa chóras breithiúnach ach i measc na ngníomhaithe eile lena mbaineann freisin chun cur chuige ildisciplíneach agus rannpháirtíocht ilpháirtithe leasmhara a áirithiú agus gnéithe ábhartha den chur chuige riaracháin á gcur san áireamh ag an am céanna;

3. Obair shonrach speisialaithe a dhéanamh i réimse chosc na coireachta, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme straitéisí sonracha chun an choireacht a chosc agus cur chun feidhme ghníomhaíochtaí na bpáirtithe leasmhara ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sa réimse sin a chomhordú;

   (b) Tacú le gníomhaíochtaí coiscthe coireachta agus iad a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta trí úsáid a bhaint as cur chuige fianaise-bhunaithe;

   (c) Rannpháirtíocht agus comhoibriú ollscoileanna, eintiteas poiblí agus príobháideach nó institiúidí poiblí agus príobháideacha agus príomhphearsana acadúla a spreagadh i bhforbairt agus i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí coisctheacha agus feidhmeanna coisctheacha;

---

[12] Cinneadh 2009/902/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (EUCPN) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/427/CGB, IO L 321, 8.12.2009, lgh. 44-46; féach Airteagal 6(5), go háirithe, ina luaitear go '*ndéanfaidh gach ionadaí náisiúnach gníomhaíochtaí an Líonra a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil agus soláthar, cothabháil agus malartú ábhair um chosc na coireachta a éascú idir Ballstát an ionadaí sin agus an Líonra*.' Agus Airteagal 6 (6) ina luaitear '*Tacóidh pointí teagmhála le hionadaithe náisiúnta chun faisnéis agus saineolas maidir le cosc na coireachta a mhalartú laistigh den Líonra*.'

(d) Feidhmeanna na bpointí fócasacha a neartú i ndáil le gníomhaíochtaí líonraí agus fóram éagsúil mar shampla EUCPN, ENAA, Comhairlí Náisiúnta um Chosc na Coireachta agus fóraim eile,[13] chun feabhas a chur ar chomhordú líonraí saineolaithe sa réimse sin;

**IARRANN SÍ AR RÚNAÍOCHT AN LÍONRA EORPAIGH UM CHOSC NA COIREACHTA (EUCPN) AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

4. An tacaíocht is gá a chur ar fáil do na hionadaithe náisiúnta agus do na pointí teagmhála arna n-ainmniú i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le EUCPN chun a gcúraimí a chomhlíonadh mar a leagtar amach sa Chinneadh ón gComhairle;

5. A chuid gníomhaíochtaí a dhíriú agus a ailíniú le tosaíochtaí agus riachtanais na mBallstát, agus measúnuithe ábhartha ar bhagairtí ar an leibhéal náisiúnta á gcur san áireamh chomh maith le forbairtí ar leibhéal an Aontais;

6. An bonn fianaise le haghaidh bearta um chosc na coireachta a dhoimhniú, trí mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar thionchar na mbeart coisctheach ábhartha agus trí thacú leis na Ballstáit bearta tástála agus éifeachtacha um chosc na coireachta a chur chun feidhme;

7. An caidreamh oibre laistigh de EMPACT a dhoimhniú - go háirithe le tiománaithe EMPACT agus le gníomhaireachtaí an Aontais chun rannchuidiú go gníomhach le cosc na coireachta a leabú (lena n-áirítear mar chomhordaitheoir na gcomhspriocanna cothrománacha straitéiseacha (CHSG) 7 agus 9);

8. Comhordú agus cumarsáid rialta idir saineolaithe tiomnaithe um chosc na coireachta ón saol acadúil, ón tsochaí shibhialta agus ó údaráis áitiúla a éascú, trí na hIonadaithe Náisiúnta chuig EUCPN agus ionadaithe náisiúnta in ENAA, chun malartú eolais, dea-chleachtas agus saineolais idir na Ballstáit a éascú chun an choireacht a chosc agus a chomhrac go héifeachtach.

9. Clár oiliúna a chur chun feidhme lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais na mBallstát i réimse chosc na coireachta chun feabhas a chur ar chumais na mBallstát an choireacht a chosc agus dul i ngleic léi go héifeachtach; faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na bearta a chuirtear chun feidhme agus a thábhachtaí atá sé bearta coisctheacha a fhorbairt i measc an phobail, go háirithe i measc daoine óga.

---

[13] Mar shampla an Fóram Eorpach um Shlándáil Uirbeach (EFUS).

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

10. An colún um chosc i straitéis an Aontais i gcoinne na coireachta eagraithe a neartú agus an straitéis atá ann cheana á cur chun feidhme agus an straitéis á athbhreithniú amach anseo chun straitéis chuimsitheach de chuid an Aontais um chosc na coireachta a fhorbairt.

11. Na cistí is gá a áirithiú chun tacú le feidhm EUCPN agus ENAA agus iad a neartú mar mhol chun an choireacht a chosc san Eoraip, le go mbeifear in ann comhairle agus tacaíocht a thabhairt d’institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais agus do na Ballstáit i réimse chosc na coireachta;

12. Réiteach fadtéarmach a mheas agus a fhiosrú do Rúnaíocht EUCPN chun a inbhuanaitheacht agus a chobhsaíocht a dhaingniú, lena n-áirítear í a fhorbairt mar Fhaireachlann um Choireacht a Chosc (OPC) agus a acmhainneachtaí a leathnú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (a) eolas ar an gcoireacht (lena n-áirítear staidreamh) agus ar chosc na coireachta a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh maidir le réimsí beartais sonracha sna Ballstáit éagsúla lena dtugtar léargas foriomlán ar bhearta um chosc na coireachta san Aontas lena n-áirítear ar threochtaí atá ag teacht chun cinn;

    (b) sraith choiteann príomhtháscairí a fhorbairt maidir le cosc na coireachta ar leibhéal an Aontais, le tacaíocht ó líonra na bpointí teagmhála i ngach tír chun sonraí a bhailiú.

    (c) Comhairle agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus d’institiúidí an Aontais maidir le bearta coisctheacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme agus dea-chleachtais a mhalartú.

13. Comhar níos dlúithe a éascú idir EUCPN agus ENAA chomh maith le heagraíochtaí ábhartha eile, an Fóram Eorpach um Shlándáil Uirbeach (EFUS), mar shampla, agus tionscnaimh, tionscadail agus líonraí an Aontais, d’fhonn léargais a chomhcheangal agus sineirgí a chruthú agus eolas agus dea-chleachtais á bhforbairt agus á scaipeadh;

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR NA GNÍOMHAIREACHTAÍ CEARTAIS AGUS GNÓTHAÍ BAILE AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

14. Féachaint an bhféadfaí gníomhaíochtaí oiliúna a leathnú leis an eolas a bhailíonn EUCPN agus ENAA d'fhonn oiliúint agus cás-staidéir a chur in oiriúint do ghrúpaí ildisciplíneacha gairmithe atá ag obair i réimse chosc na coireachta, agus leas á bhaint as acmhainneachtaí CEPOL;

15. Féachaint an bhféadfaí gníomhaíochtaí oiliúna a threisiú i réimse chosc na coireachta chun tacú le cur chun feidhme chomhsprioc cothrománach straitéiseach 7 'cosc agus dochar a laghdú, cúnamh d'íospartaigh, feasacht a mhúscailt' agus chomhsprioc cothrománach straitéiseach 9 'cur chuige riaracháin', straitéisí agus pleananna gníomhaíochta um chosc na coireachta, ag brath *inter alia* ar CEPOL agus ar EUCPN, ENAA agus ar EMPACT.

16. Féachaint an bhféadfaí raon feidhme na gcomhpháirtithe lasmuigh de phobal um Fhorfheidhmiú an Dlí a leathnú d'fhonn an ghné ildisciplíneach de EMPACT a mhéadú, agus ar an gcaoi sin na féidearthachtaí a neartú chun cineálacha éagsúla beart um chosc na coireachta a chur chun feidhme.

**TUGANN SÍ TREOIR DO COSI**, laistigh dá shainordú, cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoi na Conclúidí seo ón gComhairle a chomhordú, tacaíocht a thabhairt dóibh agus maoirseacht, faireachán agus measúnú a dhéanamh orthu

**IARRANN SÍ AR AN UACHTARÁNACHT** tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle, nó faoi bhráid comhlacht ullmhúcháin iomchuí de chuid na Comhairle, maidir leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoi na Conclúidí seo ón gComhairle agus béim á leagan aici freisin ar na bearnaí atá fós ann.